C/2025/5167

19.9.2025

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hurraim don smacht reachta tráth ghlacadh Rialachán (AE) 2025/1913 [1] agus (AE) 2025/1914 [2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/5167)

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Tuigeann an Coimisiún rún na gcomhreachtóirí mar atá cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú lena leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcloífear leis an Smacht Reachta i gcur chun feidhme na gCistí agus déanfaidh sé measúnú ar aon iarraidh ar leasuithe ar chláir i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis an Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta agus le forálacha an Rialacháin maidir le hAthbhreithniú Meántéarma.

---

[1] OJ L, 2025/1913, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1913/oj.
[2] OJ L, 2025/1914, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1914/oj.